2025/83

31.3.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/83 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i bhfógraí maidir le cnáib

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i dtaca leis an gcóras ceadúnas le haghaidh táirgí talmhaíochta lena n-áirítear liosta na dtáirgí atá faoi réir ceadúnas onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a thíolacadh.

(3) Le hAirteagal 8, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237, déantar foráil maidir le nádúr agus cineál na faisnéise a bhfuil fógra le tabhairt ina leith maidir le cnáib. Go háirithe, déantar foráil ann, i measc nithe eile, maidir le hoibleagáid na mBallstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na forálacha a glacadh maidir le ceadúnais allmhairiúcháin táirgí cnáibe agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na pionóis a forchuireadh nó faoi na bearta a glacadh de thoradh na neamhrialtachtaí a aimsíodh. Chun an t-ualach riaracháin ó na Ballstáit a laghdú agus ós rud é nach gá oibleagáid a fhorchur fógra córasach agus bliantúil a thabhairt faoin bhfaisnéis sin is féidir leis na Ballstáit a chur ar fáil don Choimisiún ar éileamh, níor cheart, dá bhrí sin, na ceanglais tuairiscithe sin a cheangal a thuilleadh. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' ([3]).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) a mhéid a bhaineann le cnáib, na húdaráis inniúla le haghaidh seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239;'.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialacha cur chun feidhme an chórais ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis na rialacha maidir le scaoileadh agus forghéilleadh urrús arna dtaisceadh le haghaidh na gceadúnas sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2535/2001, (CE) Uimh. 1342/2003, (CE) Uimh. 2336/2003, (CE) Uimh. 951/2006, (CE) Uimh. 341/2007 agus (CE) Uimh. 382/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2390/98, (CE) Uimh. 1345/2005, (CE) Uimh. 376/2008 agus (CE) Uimh. 507/2008 ón gCoimisiún (IO L 206, 30.7.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1237/oj).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' (COM(2023) 168 final, 16.3.2023).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN